



2026/75

14.1.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/75 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Eanáir 2026

maidir le coibhéis ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí, a bheartaítear le haghaidh táirgeadh torthaí, a tháirgtear i dtríú tíortha áirithe, a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar an soláthróir, le sainaitheantas, saintréithe, sláinte plandaí, damhna fáis, socrúithe cigireachta, lipéadú, séalú agus pacáistiú

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026)30)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2008/90/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le margú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus margú plandaí torthaí a bheartaítear le haghaidh táirgeadh torthaí ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In 2021 agus 2022, chuir an Airgintín, an tSile, an Mholdóiv, Maracó, an tSeirbia agus na Stáit Aontaithe ('na tríú tíortha sonraithe') iarrataí faoi bhráid an Choimisiúin ar aitheantas coibhéise ón Aontas le haghaidh ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear le haghaidh táirgeadh torthaí (ábhar iomadaithe agus plandaí torthaí) a bhaineann le géinis agus speicis áirithe agus le catagóirí áirithe a tháirgtear sna tríú tíortha sin. Bhí píosaí reachtaíochta ábhartha na dtríú tíortha sonraithe ag gabháil leis na hiarrataí sin.
- (2) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar na hiarrataí agus ar phíosaí reachtaíochta na dtríú tíortha sonraithe, tháinig sé ar an gconclúid go ndéantar foráil sa reachtaíocht sin maidir leis an ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí faoi seach, a bhaineann leis na catagóirí comhfhreagracha, chun na ráthaíochtaí céanna a thabhairt leo siúd a leagtar amach i dTreoir 2008/90/CE a mhéid a bhaineann leis na géinis agus na speicis lena mbaineann.
- (3) Comhlíonfaidh an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí faoi seach ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais faoi seach i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún ⁽²⁾ maidir le táirgeadh agus margú ag an tríú tír shonraithe, agus i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/96/AE ón gCoimisiún ⁽³⁾ maidir le lipéadú, séalú agus pacáistiú, tar éis allmhairiú an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí sin. Tá gá leis sin chun na caighdeáin chéanna a áirithiú agus a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an ábhar iomadaithe agus maidir leis na plandaí torthaí a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart lipéad oifigiúil arna eisiúint ag an tríú tír lena mbaineann nó doiciméad soláthróra arna ullmhú ag an soláthróir sa tríú tír sin a bheith ag gabháil le hábhar iomadaithe agus plandaí torthaí allmhairithe, de réir mar is iomchuí i gcás chatagóir an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí lena mbaineann, mar aon le taifid ina bhfuil sonraí faoin ábhar iomadaithe sin agus faoi na plandaí torthaí sin arna soláthar ag an soláthróir sa tríú tír sin.
- (5) Ba cheart an lipéad oifigiúil nó doiciméad an tsoláthróra a cheangal leis an ábhar iomadaithe agus leis na plandaí torthaí allmhairithe, ós rud é go bhfuil gá leis sin chun roghanna eolasacha a áirithiú do na húsáideoirí agus chun na rialuithe oifigiúla a éascú le haghaidh na n-údarás inniúil. Tar éis a n-allmhairithe isteach san Aontas, ba cheart lipéid a tháirgtear de bhun Threoir 2008/90/CE chun an t-ábhar iomadaithe agus na plandaí torthaí lena mbaineann a mhargú laistigh den Aontas a chur in ionad na lipéad oifigiúil nó na ndoiciméad soláthróra sin.

⁽¹⁾ IO L 267, 8.10.2008, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/90/oj>.

⁽²⁾ Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/90/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais shonracha i ndáil le géinis agus speicis plandaí torthaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi, ceanglais shonracha a bheidh le comhlíonadh ag soláthróirí agus rialacha mionsonraithe maidir le cigireachtaí oifigiúla (IO L 298, 16.10.2014, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2014/98/oj).

⁽³⁾ Treoir Cur Chun Feidhme 2014/96/AE ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir leis na ceanglais i ndáil le lipéadú, séalú agus pacáistiú ábhair iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear le haghaidh táirgeadh torthaí, a thagann faoi raon feidhme Threoir 2008/90/CE ón gComhairle (IO L 298, 16.10.2014, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir_impl/2014/96/oj).

- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘tríú tír shonraithe’ tríú tír a liostaítear san Iarscríbhinn;
- (2) ciallaíonn ‘ábhar iomadaithe sonraithe’ an t-ábhar iomadaithe a tháirgtear sna tríú tíortha sonraithe a bhfuil aitheantas tugtha dó, i ndáil leis na géinis nó na speicis faoi seach, mar ábhar atá coibhéiseach leis an ábhar iomadaithe a tháirgtear san Aontas i gcomhréir le Treoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE;
- (3) ciallaíonn ‘plandaí torthaí sonraithe’ plandaí torthaí a tháirgtear sna tríú tíortha sonraithe a bhfuil aitheantas tugtha dóibh, i ndáil leis na géinis nó na speicis faoi seach, go bhfuil siad coibhéiseach leis na plandaí torthaí a tháirgtear san Aontas i gcomhréir le Treoir Chur Chun Feidhme 2014/98/AE;
- (4) ciallaíonn ‘catagóir’ catagóir mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 10, de Threoir Cur Chun Feidhme 2014/98/AE.

Airteagal 2

Coibhéis ábhair iomadaithe agus plandaí torthaí

Tá an t-ábhar iomadaithe sonraithe agus na plandaí torthaí sonraithe a bheartaítear le haghaidh táirgeadh torthaí agus a tháirgtear sna tríú tíortha sonraithe, agus a bhaineann leis na géinis nó speicis agus na catagóirí lena mbaineann mar a léirítear san Iarscríbhinn, tá siad coibhéiseach le hábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear le haghaidh táirgeadh torthaí a tháirgtear san Aontas agus a chomhlíonann Treoir 2008/90/CE i leith na ráthaíochtaí céanna a thabhairt a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar an soláthróir, le sainaitheantas, saintréithe, sláinte plandaí, damhna fáis, pacáistiú, socrúithe cigireachta, marcáil agus séalú, ar choinníoll go leanfaidh an t-ábhar sin agus na plandaí torthaí sin a tháirgtear sna tríú tíortha sin ag comhlíonadh na Treorach sin agus a gníomhartha cur chun feidhme.

Airteagal 3

Ceanglais maidir le hallmhairiú ábhair iomadaithe shonraithe agus plandaí torthaí sonraithe

1. Ábhar iomadaithe sonraithe agus plandaí torthaí sonraithe a táirgeadh sna tríú tíortha sonraithe, do na catagóirí agus géinis nó speicis lena mbaineann, mar a liostaítear san Iarscríbhinn, ní fhéadfar iad a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin ar choinníoll go bhfuil siad lipéadaithe, séalaithe agus pacáistiú déanta orthu de réir ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9 de Threoir 2008/90/CE agus i dTreoir Cur Chun Feidhme 2014/96/AE maidir le lipéadú, séalú agus pacáistiú, de réir mar is iomchuí don chatagóir ábhartha d’ábhar réamhbhunúsach, d’ábhar bunúsach, d’ábhar deimhnithe nó d’ábhar CAC.
2. Déanfaidh na soláthróirí a allmhairíonn ábhar iomadaithe sonraithe agus plandaí torthaí sonraithe isteach san Aontas an comhlacht oifigiúil freagrach lena mbaineann a chur ar an eolas roimh an allmhairiú sin.
3. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil le hábhar iomadaithe sonraithe agus plandaí torthaí sonraithe allmhairithe:
 - (a) lipéad oifigiúil arna eisiúint ag comhlacht oifigiúil freagrach an tríú tír shonraithe i gcás ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, nó doiciméad soláthróra arna ullmhú ag soláthróir an tríú tír shonraithe i gcás ábhar CAC; agus
 - (b) taifid ina bhfuil mionsonraí faoin ábhar iomadaithe sonraithe sin agus faoi na plandaí torthaí sonraithe sin arna soláthar ag an soláthróir sa tríú tír shonraithe lena mbaineann.

4. Tar éis allmhairiú an ábhair iomadaithe shonraithe agus na bplandaí torthaí sonraithe, agus roimh mhargú an ábhair iomadaithe agus na bplandaí torthaí lena mbaineann san Aontas:
- (a) cuirfidh comhlacht oifigiúil freagrach an Bhallstáit lena mbaineann, nó an chéad soláthróir faoi mhaoirseacht oifigiúil, lipéad oifigiúil nua in ionad lipéad oifigiúil an tríú tír shonraithe, dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), nó cuirfidh sé lipéad oifigiúil nua i gceangal leis sa bhreis ar lipéad an tríú tír shonraithe;
 - (b) i gcás doiciméad soláthróra, cuirfidh an chéad soláthróir san Aontas doiciméad nua in ionad an doiciméid soláthróra, dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), nó cuirfear doiciméad nua soláthróra i gceangal sa bhreis ar dhoiciméad soláthróra an tríú tír shonraithe.
5. Ar an lipéad oifigiúil nua nó ar an doiciméad soláthraí nua dá dtagraítear i mír 4, beidh tagairt don lipéad oifigiúil bunaidh nó do bhundoiciméad soláthraí an tríú tír tionscnaimh, agus tagairt don tír sin.
6. Comhlíonfaidh an t-ábhar iomadaithe sonraithe allmhairithe agus na plandaí torthaí sonraithe na ceanglais ábhartha maidir le sainaitheint cineálacha mar a leagtar amach in Airteagal 7 de Threoir 2008/90/CE.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Catagóirí an Aontais maidir le géinis agus speicis d'ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus na catagóirí coibhéiseacha comhfhreagracha de thionscnamh na dtríú tíortha sonraithe

	Tír	Géinis/speicis torthaí	Catagóir Aontais	Catagóir choibhéiseach tríú tír
1.	an Airgintín	<i>Olea europaea</i> L.	Ábhar réamhbhunús-ach Ábhar bunúsach Ábhar deimhnithe CAC	Original / Starting Basic / Foundation Certified Identified (Nominated)
2.	an tSile	<i>Olea europaea</i> L. <i>Ribes</i> L. <i>Rubus</i> L. <i>Vaccinium</i> L.	Ábhar réamhbhunús-ach Ábhar bunúsach Ábhar deimhnithe CAC	Germplasm bank Foundation, pre-increment and increment Certified Ordinary
3.	an Mholdóiv	<i>Cydonia oblonga</i> Mill. <i>Fragaria</i> L. <i>Juglans regia</i> L. <i>Malus</i> Mill. <i>Prunus avium</i> (L.) L. <i>Prunus armeniaca</i> L. <i>Prunus cerasus</i> L. <i>Prunus domestica</i> L. <i>Prunus persica</i> (L.) Batsch. <i>Prunus salicina</i> Lindley <i>Pyrus</i> L. <i>Ribes</i> L. <i>Rubus</i> L.	Ábhar réamhbhunús-ach Ábhar bunúsach Ábhar deimhnithe CAC	Pre-basic Basic Certified CAC
4.	Maracó	<i>Cydonia oblonga</i> Mill. <i>Fragaria</i> L. <i>Olea europaea</i> L. <i>Pyrus</i> L. <i>Ribes</i> L. <i>Rubus</i> L. <i>Vaccinium</i> L.	Ábhar réamhbhunús-ach Ábhar bunúsach Ábhar deimhnithe CAC	Pre-basic Basic Certified Non-certified
5.	an tSeirbia	<i>Corylus avellana</i> L. <i>Cydonia oblonga</i> Mill. <i>Fragaria</i> L. <i>Malus</i> Mill. <i>Pyrus</i> L. <i>Ribes</i> L. <i>Rubus</i> L. <i>Vaccinium</i> L.	Ábhar réamhbhunús-ach Ábhar bunúsach Ábhar deimhnithe CAC	Pre-basic Basic Certified Standard
6.	na Stáit Aontaithe	<i>Cydonia</i> L. <i>Fragaria</i> L. <i>Olea europaea</i> L. <i>Pyrus</i> L. <i>Ribes</i> L. <i>Rubus</i> L. <i>Vaccinium</i> L.	Ábhar réamhbhunús-ach Máthairphlandaí bunúsacha Bunábhar Deimhnithe CAC	G1 G2 G3 G4 non-certified